An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**EUCO XT 20025/1/19**
**REV 1**

**CO EUR 30**
**BXT 92**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Dearbhú ón gComhairle Eorpach (Airteagal 50) |

I bhfianaise thoradh an nós imeachta i scríbhinn (XM 20003/19) agus de bhun Airteagal 10(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn an dearbhú thuasluaite le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle Eorpaí (Airteagal 50).

**IARSCRÍBHINN**

**Dearbhú ón gComhairle Eorpach (Airteagal 50)**

Ar an 17 Deireadh Fómhair, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

Á mheabhrú di na conclúidí uaithi an 17 Deireadh Fómhair 2019 lenar fhormhuinigh sí an Comhaontú um Tharraingt Siar agus lenar iarr sí ar an gCoimisiún, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na bearta is gá a dhéanamh chun go dtabharfar i gcrích é, tá an Chomhairle Eorpach ag súil go leanfaidh an Ríocht Aontaithe ar aghaidh go comhthreomhar lena dhaingniú ionas go bhféadfaidh sé teacht i bhfeidhm a luaithe is féidir.

Chun go bhféadfar bailchríoch a chur ar na bearta uile is gá chun an Comhaontú um Tharraingt Siar a dhaingniú, lena n-áirítear toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, aontaíonn an Chomhairle Eorpach le síneadh breise a chur leis an tréimhse faoi Airteagal 50(3) CAE. Tugann sí dá haire go dtiocfaidh an Comhaontú um Tharraingt Siar i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis do na Páirtithe na nósanna imeachta daingniúcháin a chur i gcrích le linn na tréimhse sin, a dtiocfaidh deireadh léi an 31 Eanáir 2020 ar a dhéanaí.

Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl go láidir go n-eisiann sí aon athoscailt ar an gComhaontú um Tharraingt Siar sa todhchaí agus meabhraítear di gur cheart go mbeadh aon ghealltanas nó ráiteas aontaobhach nó aon ghníomh aontaobhach eile arna dhéanamh ag an Ríocht Aontaithe a bheith ag luí le fuarlitir agus le spiorad an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus gan a chur chun feidhme a bhacadh.

Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go leanfaidh an Ríocht Aontaithe, le linn an tsínidh breise seo, de bheith ina Ballstát go dtí dáta nua an tarraingt siar agus go mbeidh na cearta uile aici agus na hoibleagáidí uile uirthi i gcomhréir le hAirteagal 50 CAE, lena n-áirítear an oibleagáid iarrthóir a mholadh le ceapadh mar chomhalta den Choimisiún.

Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an gealltanas a thug an Ríocht Aontaithe gníomhú go cuiditheach agus go freagrach i gcaitheamh thréimhse an tsínidh i gcomhréir le dualgas an chomhair dhílis agus tá sí ag súil go gcomhlíonfaidh an Ríocht Aontaithe an gealltanas agus an dualgas Conarthach sin ar mhodh a léireoidh a cás mar Bhallstát atá ag tarraingt siar. Chuige sin, éascóidh an Ríocht Aontaithe gnóthú chúraimí an Aontais agus staonfaidh sí ó aon bheart a d'fhéadfadh gnóthú chuspóirí an Aontais a chur i gcontúirt, go háirithe nuair a bheidh sí rannpháirteach i bpróisis chinnteoireachta an Aontais.

Meabhraítear don Chomhairle Eorpach go leanfaidh na 27 mBallstát agus an Coimisiún de chruinnithe a bheith acu ar leithligh ar gach leibhéal, i dteannta na gcruinnithe faoi Airteagal 50 CAE, agus i gcás inarb iomchuí beidh cruinnithe acu in éineacht le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, chun na hábhair a bhaineann leis an gcás tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe a phlé.